An Coimisiún Eorpach

# LITIR MHISIN

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2024


**Ursula von der Leyen**

Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh


## Michael McGrath

## An Coimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta agus um Chosaint Tomhaltóirí

A Michael, a chara,

Iarrfar ar an gCoimisiún a mbeimid ag obair ann le chéile roghanna a dhéanamh lena múnlófar ár mór-roinn agus ár nAontas go ceann blianta fada amach romhainn. Tráth atá éagobhsaíocht dhomhanda mhór ann agus ionchais mhóra ag muintir na hEorpa, ní mór dúinn a bheith inchurtha leis an bhfreagracht sin. **Ní mór dúinn beart a dhéanamh de réir ár mbriathair agus an cheannaireacht a léiriú is dual do cheannairí**, agus a bheith ag obair i ndlúthchomhar le muintir agus le réigiúin na hEorpa agus leis na parlaimintí, na rialtais agus na hinstitiúidí a riarann dóibh.

Sin an meon a bhí laistiar de na Treoirlínte Polaitiúla a chuir mé i láthair Pharlaimint na hEorpa i mí Iúil 2024 – ár bplean coiteann le haghaidh láidreacht agus aontacht na hEorpa. Tá sé dírithe ar ár **slándáil** a chinntiú, de réir gach brí atá ag an bhfocal sin, i ndomhan atá níos contúirtí agus níos suaite ná mar a bhí, ar thacú le daoine agus saoránaigh trínár **rathúnas** a neartú, lenár ngeilleagar sóisialta margaidh, lenár n-aistriú glas agus ár n-aistriú digiteach agus trínár gcáilíocht bheatha uathúil a bhuanú. Neartóimid ár n**daonlathas**, tiocfaimid le chéile thart ar ár luachanna agus cinnteoimid go mbeimid níos láidre sa bhaile. Oibreoimid lenár gcomhpháirtithe agus cuirfimid ár leasanna i bhfeidhm níos fearr ar fud an domhain.

Agus sinn ag obair i gcomhar le chéile, tabharfaimid freagra ar ábhair imní agus ionchais na saoránach, ábhair imní agus ionchais atá fíor agus dlisteanach, a cuireadh in iúl le linn na dtoghchán deireanach. Tiocfaimid níos gaire do dhaoine agus gnólachtaí an áit a bhfuil sin fíorthábhachtach le tacaíocht phraiticiúil agus le hinfheistíocht leanúnach. Déanfaimid ár ndícheall **an Eoraip a dhéanamh níos tapúla agus níos simplí** i leith na caoi a ngníomhaímid – agus na caoi a ndéanaimid idirghníomhú le daoine. Agus oibreoimid i dtreo aontacht na hEorpa i ngach rud dá ndéanfaimid, laistigh dár gColáiste i dtús báire.

Táim cinnte dearfa de gur cuid ríthábhachtach d'obair na foirne seo a bheidh i do thaithí, i do spreagadh agus i do thiomantas don Eoraip. Tá na hionchais atá agam maidir lenár gcomhobair agus le do mhisean féin leagtha amach sa litir seo.

## Coimisiún nua, cur chuige nua

Ní réimsí oibre neamhspleácha iad na tosaíochtaí atá leagtha amach agam sna Treoirlínte Polaitiúla. Tá siad go léir ceangailte dá chéile agus beidh tionchar ag gach ceann acu ar a chéile. Is amhlaidh a bheidh i gcás obair an Choláiste ina hiomláine agus i gcás gach comhalta de a bheidh ag obair lena chomhghleacaithe de mheon **coláisteachta**. Táim ag súil go nglacfaidh gach Comhalta den Choláiste **úinéireacht iomlán** ar an méid a bheidh comhaontaithe.

Tá **gach Comhalta den Choláiste comhionann** agus beidh freagracht chomhionann ar gach Comhalta den Choláiste i leith ár dtosaíochtaí a bhaint amach. Ina fhianaise sin, táim ag súil le comhar ar gach leibhéal agus go nglacfaidh tú ról gníomhach i leith na dtosaíochtaí uile agus go n-éascóidh tú rochtain ar do sheirbhísí i gcás ina n-éileoidh freagrachtaí Coimisinéirí eile é.

Oibreoidh tú liom féin agus leis an gCoimisinéir um an mBuiséad, um Chomhrac na Calaoise agus um an Riarachán Poiblí chun **buiséad fadtéarmach níos simplí, níos dírithe agus níos freagrúla** a bhaint amach a léireoidh tosaíochtaí straitéiseacha na hEorpa agus ár n-uaillmhian a bheith inár g**Coimisiún Infheistíochta**.

Ós buiséad claochlaitheach a bheidh sa chéad bhuiséad fadtéarmach eile – agus chun é a chur in oiriúint dár gcur chuige nua-aimseartha agus dár dtosaíochtaí caiteachais nua - **athbhreithneoidh mé struchtúr an Choláiste agus na misean** a bheidh ag gach Comhalta den Choláiste.

Ba mhaith liom freisin ról gníomhach a bheith agaibh uile i leith **cuidiú le tíortha is iarrthóirí ullmhú chun dul isteach san Aontas seo againn** in bhur réimsí beartais féin. Táim ag brath oraibhse maidir leis na hathbhreithnithe beartais réamh-mhéadúcháin agus maidir lenár g**clár oibre uaillmhianach athchóiriúcháin** atá leathnaithe amach.

Táim ag iarraidh oraibh go léir rannchuidiú leis na cuspóirí aeráide comhaontaithe atá againn a bhaint amach, go háirithe na cuspóirí sin atá sainithe le haghaidh 2030 agus sprioc na haeráidneodrachta le haghaidh 2050.

Agus sinn ag druidim le 2030, cinnteoidh gach Comhalta den Choláiste go mbainfear amach na spriocanna agus na cuspóirí sin de chuid an Aontais a sainíodh le haghaidh na bliana sin, chomh maith le **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe** laistigh dá réimsí beartais. Beidh an Coláiste ina iomláine freagrach as cur chun feidhme foriomlán na Spriocanna.

Ar bharr an mhéid atá sonraithe i do mhisean aonair thíos, ba mhaith liom go mbainfeadh gach Comhalta den Choláiste leas as tuarascálacha a rinneadh le déanaí nó atá le teacht. Ar na tuarascálacha sin tá **Tuarascáil Draghi** ar thodhchaí iomaíochas na hEorpa, **Tuarascáil Niinistö** ar conas ullmhacht shibhialta agus chosanta a fheabhsú, an tuarascáil ón **Idirphlé Straitéiseach maidir le todhchaí thalmhaíocht an Aontais** chomh maith le **Tuarascáil Letta** ar thodhchaí an Mhargaidh Aonair.

## *Oibriú le chéile ar son na hEorpa, oibriú níos gaire do mhuintir na hEorpa*

Chun a chinntiú go mbeidh muinín agus iontaoibh ag muintir na hEorpa asainn, ba mhaith liom go mbeadh an Coláiste ar thús cadhnaíochta ó thaobh na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na hionadaíochta de.

Ar an gcéad dul síos, **neartóidh an Coimisiún seo an caidreamh atá aige le hinstitiúidí an Aontais**. Táim ag súil go mbeidh na Coimisinéirí uile i láthair i bParlaimint na hEorpa, i ndíospóireachtaí iomlánacha, i gcruinnithe Coiste agus i gcruinnithe tríthaobhacha araon. Mar an gcéanna, táim ag súil go rachaidh na Coimisinéirí uile i dteagmháil leis na Ballstáit agus go nglacfaidh siad páirt i bhfoirmíochtaí ábhartha na Comhairle. Tá sin ríthábhachtach chun cuntasacht a chinntiú agus chun ár gcuid oibre agus ár bpleanáil a chur in iúl ar bhealach níos fearr.

Iarrfaidh mé ort **idirphlé struchtúrtha** a eagrú le do Choiste Parlaiminteach féin chun bealach chun cinn a leagan amach le haghaidh aon Rún faoi Airteagal 225 arna ghlacadh ag an bParlaimint ina n-iarrfar tograí reachtacha. Beidh sin ina chuid dár gcuid oibre chun a chinntiú go mbeidh **trédhearcacht agus sreabhadh ceart faisnéise** ann leis an bParlaimint agus leis an gComhairle, go háirithe roimh mhórimeachtaí agus ag príomhchéimeanna den chaibidlíocht idirnáisiúnta.

Ar an dara dul síos, **is soiléire agus is minice a bheidh an Coimisiún seo le feiceáil ag an bpobal, agus is mó an líon réigiún ina mbeidh sé le feiceáil.** Ba mhaith liom go dtabharfá cuairt ar na Ballstáit go rialta. Molaim duit dul chuig gach cearn den Eoraip, thú féin a thumadh i saol gach áite dá rachaidh tú, agus bualadh le muintir na háite agus tú ann, bíodh sin i gcathracha, faoin tuath, nó i gceantair inar tearc an daonra. Tacóidh ár líonra Ionadaíochtaí leat maidir leis an méid sin. Ba cheart duit bualadh le hionadaithe ó réigiúin nó ceantair ar leith, ionas go mbeidh **tionscadail an Aontais níos feiceálaí**,

agus gur fearr an tuiscint a bheidh ag daoine ar an mbealach a gcuireann na tionscadail sin lena saol. Chuige sin, beidh tú in ann brath ar ár líonra de Chomhairleoirí Áitiúla um Ghnóthaí an Aontais. Agus tú ag plé lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, gheobhaidh tú tacaíocht ónár líonra domhanda de thoscaireachtaí AE.

Táim ag iarraidh ort **cumarsáid ghníomhach** a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí agus cinntí an Choimisiúin, sin agus na tairbhí agus na deiseanna a bhaineann lenár gcuid oibre a mhíniú. Ina theannta sin, ba cheart duit cabhrú ó thaobh **dul i ngleic leis an mbréagaisnéis**, trí fhaisnéis shoiléir chruinn a chur ar fáil i gcónaí.

Ar an tríú dul síos, cuirfidh an Coimisiún tús le **ré nua ó thaobh idirphlé** leis na saoránaigh agus le páirtithe leasmhara de. Sula mbeidh an chéad 100 lá caite, ba cheart duit an chéad **Idirphlé bliantúil Beartais leis an Aos Óg** a eagrú, ionas go dtabharfar cluas éisteachta do dhaoine óga sa chaoi go bhféadfaidh siad lámh a bheith acu i múnlú do chuid oibre.

Tá sé sin ar cheann de na rudaí a dhéanfaimid chun gur de dhlúth is d'inneach ár gcuid oibre í **rannpháirtíocht na saoránach**. Cuirfimid leis an obair a rinneadh sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ionas go mbeidh **cultúr an daonlathais rannpháirtigh buan daingean** feasta. Roghnóimid na réimsí beartais agus na tograí is mó a chuirfí chun cinn ach moltaí a fháil ó Phainéal Saoránach Eorpach ina dtaobh, agus déanfaimid obair leantach maidir le moltaí na bpainéal sin.

Ar an gceathrú dul síos, ní mór do gach Comhalta den Choláiste **a bheith tiomanta go daingean doshéanta don Eoraip**, agus gníomhú ar bhealach iomlán neamhspleách. Iarraim ar gach duine agaibh cloí le gach riail is infheidhme maidir leis an ionracas, an neamhchlaontacht agus an eitic, an **Cód Iompair** ar dtús báire. Na rialacha maidir leis an trédhearcacht agus le cruinnithe le hionadaithe sainleasa, tá ort a chinntiú go n-urramóidh gach duine iad go hiomlán, d'fhoireann agus do chuid seirbhísí san áireamh. **Neartóimid ár gcóras trédhearcachta** trí cheanglais an Chláir Trédhearcachta a leathnú ionas go gcumhdófar gach bainisteoir.

Ar an gcúigiú dul síos, cinnteoimid go mbeidh an Coimisiún **ionadaíoch** ar na daoine a bhfreastalaímid orthu **thar mar atá sé faoi láthair**. Ó thaobh na ról bainistíochta de, tá go leor dul chun cinn déanta againn maidir leis an gcothromaíocht inscne, ach is léir go bhfuil tuilleadh le déanamh. Ba cheart do do *cabinet* **cothromaíocht inscne agus gheografach a chinntiú**, mar ní neart an Aontais go héagsúlacht an Aontais.

Cé gurb é an Berlaymont an phríomh-cheanncheathrú a bheidh agat, beidh oifig agat freisin san Ard-Stiúrthóireacht lena mbaineann tú, agus iarrtar ort a bheith i láthair ansin go rialta chun **oibriú i ndlúthchomhar le d'fhoireann agus do chuid seirbhísí**. Cinnteoimid i dteannta a chéile gur ionad oibre ionchuimsitheach, urramach agus sábháilte atá sa Coimisiún.

## *An Eoraip a dhéanamh níos simplí agus níos tapúla*

Déanfar rath an Choimisiúin nua seo a thomhas de réir cé chomh maith agus a éireoidh linn na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha síos againn a bhaint amach, iad siúd atá leagtha síos sa **Chomhaontú Glas don Eoraip** go mór mór.

Na cuspóirí agus na spriocanna beartais a bhaineann le do phunannsa, is tú a bheidh freagrach as iad a bhaint amach. Chun é sin a dhéanamh, ba cheart duit leas iomlán a bhaint as a bhfuil ann d'ionstraimí maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú, imeachtaí um shárú san áireamh.

Cinnteoidh tú go bhfuil na rialacha atá ann cheana oiriúnach dá bhfeidhm, agus go ndíríonn siad ar ualaí riaracháin a laghdú agus ar an reachtaíocht a shimpliú. Tá laghdú 25% ar a laghad le déanamh ar oibleagáid tuairiscithe, agus is laghdú 35% ar laghad atá le déanamh orthu sin i gcás FBManna – caithfidh tusa rannchuidiú leis an obair sin. Ba cheart duit leas a bhaint as cumhacht na n-uirlisí digiteacha chun réitigh níos fearr agus níos tapúla a sholáthar. Ní mór dúinn éisteacht leis na cuideachtaí agus na páirtithe leasmhara ar fad a oibríonn gach lá chun reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh. Eagróidh tú dhá **Idirphlé Cur Chun Feidhme** ar a laghad in aghaidh na bliana le páirtithe leasmhara chun an cur chun feidhme a ailíniú le fíordhálaí an tsaoil. Ullmhóidh tú **Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú agus Cur Chun Feidhme** do na coistí Parlaiminteacha agus na foirmíochtaí den Comhairle lena mbeidh tú ag plé.

Oibreoidh tú freisin chun **tástáil struis a dhéanamh ar *acquis* an Aontais**, agus déanfaidh tú tograí a thíolacadh le haghaidh deireadh a chur le haon fhorluí nó aon chontrárthacht dá bhfuil ann. Is obair í sin a bheidh go hiomlán comhoiriúnach ó thaobh cúrsaí digiteacha de, agus a bheidh ar ardchaighdeán i gcónaí.

Ní mór a chinntiú le reachtaíocht nua go mbeidh ár rialacha níos simplí agus níos spriocdhírithe, agus gur fusa a bheidh sé ar shaoránaigh iad a rochtain. Cinnteoidh tú go n-urramófar **prionsabal na comhréireachta, prionsabal na coimhdeachta agus prionsabal na Rialála Níos Fearr**, agus ar na nithe trína ndéanfaidh tú sin, beidh comhairliúcháin fhorleathana, measúnuithe tionchair, athbhreithniú de chuid **an Bhoird neamhspleách um Ghrinnscrúdú Rialála**, agus seiceáil nua **um FBManna agus iomaíochas**. Caithfidh tograí a bheith bunaithe ar fhianaise, agus féadfaidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, ár seirbhís eolaíoch inmheánach, tacú leat i ndáil leis sin.

# An misean atá agatsa

**Is é an ról ba mhaith liom a leagan ortsa ról an Choimisinéara um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta agus um Chosaint Tomhaltóirí.**

Is ar an gceartas agus ar an smacht reachta a bhraitheann daonlathas agus geilleagar na hEorpa. Sin iad a choinníonn an tsochaí seo againn ag imeacht, agus a chinntíonn go ndéantar cearta a chosaint, conarthaí a fhorfheidhmiú, agus pionóis a ghearradh mar

gheall ar an éilliú. Tá geilleagar agus rathúnas inbhuanaithe na hEorpa ag brath go mór ar chóras ceartais éifeachtach a bheith ann. Cinntíonn an Smacht Reachta gur féidir le saoránaigh muinín a bheith acu gur go cothrom oibiachtúil a fheidhmítear cumhacht an stáit. Caithfidh an Smacht Reachta a bheith i réim chun gur féidir ár gcearta agus ár luachanna bunúsacha a chur i bhfeidhm, agus tá sé ríthábhachtach i dtaca le feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair. Na luachanna agus na prionsabail bhunúsacha is cloch bhoinn don Aontas seo againn, don tsochaí seo againn agus dár ngeilleagair, ní mór dúinn a bheith de shíor ar ár míle dícheall chun iad a chur i bhfeidhm agus a neartú.  Beidh tú freagrach as tomhaltóirí freisin.

## *Cosaint ár ndaonlathais*

- Ba mhaith liom gur tusa a stiúrfadh an obair maidir le **Sciath Eorpach nua don Daonlathas**, chun aghaidh a thabhairt ar na rudaí is mó atá ag cur an daonlathais i mbaol san Aontas, agus chun cur leis an obair atá déanta cheana i dtaca leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach agus leis an bPacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais.

- Oibreoidh tú i gcomhar le Comhaltaí eile an Choláiste chun dlús a chur lenár gcomhrac i gcoinne **ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis**. Caithfimid cur lenár bhfeasacht staide agus lenár gcumas coiteann bagairtí a bhrath, anailís a dhéanamh orthu, agus iad a chomhrac go réamhghníomhach. Comhordóidh tú an obair maidir leis an m**bréagaisnéis** agus oibreoidh tú i gcomhar le Comhaltaí eile an Choláiste chun dlús a chur leis an obair maidir leis an litearthacht dhigiteach agus an litearthacht sna meáin, agus le bréagaisnéis a chosc tríd an réamhbhréagnú.

- Déanfaidh tú an obair um chosaint **chothroime agus shláine na dtoghchán** a mhaoirsiú, agus oibreoidh tú i gcomhar leis an bParlaimint agus leis an gComhairle chun teacht ar chomhaontú maidir le tograí atá fós idir chamáin, go háirithe maidir leis na **Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus na Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha** agus maidir le trédhearcacht ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha.

- Oibreoidh tú chun **tuilleadh cosanta a thabhairt d’iarrthóirí polaitiúla agus ionadaithe tofa**, dream a bhfuil contúirtí ag bagairt orthu ar na saolta seo thar mar a bhí riamh, agus atá faoi bhrú míchuí.

- Díreoidh tú freisin ar chur chun feidhme an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán agus déanfaidh tú tograí a thíolacadh chun tuilleadh tacaíochta agus cosanta a thabhairt do **na meáin neamhspleácha agus d’iriseoirí neamhspleácha**, rud a chuirfidh leis an obair atá déanta chun iad a chosaint ar chásanna dlí mí-úsáideacha agus ar bhrú agus iompar mí-eiticiúil de chineálacha eile.

- Cuirfidh tú dlús leis an gcomhar leis an tsochaí shibhialta maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus saincheisteanna gaolmhara. Forbróidh tú **Ardán le haghaidh na Sochaí Sibhialta** chun tacú le hidirphlé sibhialta córasach agus oibreoidh tú chun gur láidre an chosaint a bheidh ag an tsochaí shibhialta, ag gníomhaithe agus ag cosantóirí chearta i mbun a gcuid oibre dóibh.

## *An smacht reachta a neartú*

- Beidh tú i gceannas ar an obair i ndáil leis an **Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta** a chomhdhlúthú. Comhordóidh tú an obair maidir le tuairisciú a dhéanamh ar na ceithre cholún a bhaineann le neamhspleáchas breithiúnach, frithéilliú, saoirse na meán agus córas srianta agus ceartúchán institiúideach eile agus maidir le hobair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme moltaí leis na Ballstáit. Rachaidh tú i dteagmháil le Parlaimint na hEorpa maidir leis na príomhthorthaí.
- Stiúrfaidh tú an obair chun **gné a bhaineann leis an Margadh Aonair a chur leis an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta** chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta a dhéanann difear do chuideachtaí, go háirithe FBManna, a oibríonn thar theorainneacha. Déanfaidh tú comhordú freisin ar an obair chun a chinntiú go nglacfaidh tuilleadh tíortha is iarrthóirí páirt sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta de réir mar a bheidh siad réidh.
- Ba mhaith liom go ndéanfá teagmháil leis na Ballstáit chun tacú leo saincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta a réiteach. Cinnteoidh tú **forfheidhmiú éifeachtach** i gcás inarb iomchuí agus tacóidh tú le hiarracht chun **Sásra Airteagal 7** a chur i bhfeidhm ar bhealach treisithe.

- Ba cheart duit **cur chuige soiléir an Aontais maidir le frithéilliú** a fhorbairt. Agus tú ag obair go dlúth leis an gCoimisinéir um an mBuiséad, um Chomhrac na Calaoise agus um an Riarachán Poiblí, cinnteoidh tú gur féidir cistiú ón Aontas a thiomnú do bhearta náisiúnta maidir leis an éilliú a chomhrac agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.
- Oibreoidh tú leis an gCoimisinéir um an mBuiséad, um Chomhrac na Calaoise agus um an Riarachán Poiblí chun a chinntiú go leanfaidh **urraim don smacht reachta de bheith ina riachtanas do chistí an Aontais**. Ba mhaith liom go gcinnteofá, i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus Daonlathas, gur ar bhealach a bheidh ag teacht go hiomlán leis an urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha a chuirfear ionstraimí cistiúcháin chun feidhme i gcónaí. Oibreoidh tú chun nasc níos dlúithe a chruthú idir na moltaí sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta agus tacaíocht airgeadais faoi bhuiséad an Aontais. Beidh coimircí láidre maidir leis an smacht reachta ag an mbuiséad fadtéarmach a bheidh ann amach anseo – an córas ginearálta coinníollachta san áireamh, a mbeidh feidhm aige maidir leis na cistí uile.

- Beidh tú freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na **Cairte um Chearta Bunúsacha** trí thuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

- Díreoidh tú ar **chumarsáid agus ar ardú feasachta chun cultúr an smachta reachta a chur chun cinn** i measc shaoránaigh den Aontais, údarás agus na bpáirtithe leasmhara uile.

- Oibreoidh tú i ndlúthchomhar freisin le Comhairle na hEorpa agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta. Déanfaidh tú dul chun cinn i ndáil le haontachas an Aontais don **Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine** agus tabharfaidh tú an t-aontachas sin i gcrích.

## *Ceartas*

- Stiúrfaidh tú an obair chun stádas dlíthiúil uile-Aontais a thógáil chun cabhrú le cuideachtaí nuálacha fás, i bhfoirm an **28ú córas** trína gcuirfear tacar rialacha simplithe, comhchuibhithe i bhfeidhm ar mhaithe le cuideachtaí.

- Ba mhaith liom go ndéanfá creat coiteann beartais cothrom le dáta a fhorbairt agus an chéad **Chlár Oibre eile maidir le Tomhaltóirí 2025-2030** a thíolacadh, go háirithe ag féachaint ar conas tomhaltóirí leochaileacha a chosaint agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta agus forfheidhmiú a chinntiú. Mar chuid de sin, ba cheart duit **Plean Gníomhaíochta nua maidir le tomhaltóirí sa Mhargadh Aonair** a mholadh chun a chinntiú nach ndéanfar idirdhealú éagórach ar thomhaltóirí, go bhfanfaidh sochair leo agus iad ag trasnú teorainneacha agus go gcosnófar iad agus earraí nó seirbhísí á gceannach acu.

- Ba mhaith liom go ndíreofá ar thionchar na dteicneolaíochtaí digiteacha ar thomhaltóirí agus ar ár gcóras ceartais agus go ndíreofá ar na deiseanna a bhaineann leo dóibh. Forbróidh tú **Gníomh um Chothroime Dhigiteach** chun dul i ngleic le teicnící agus cleachtais tráchtála neamheiticiúla a bhaineann le patrúin dhorcha, margaíocht ag tionchairí meán sóisialta, dearadh andúile táirgí digiteacha agus próifíliú ar líne, go háirithe nuair a dhéantar leochaileachtaí tomhaltóirí a dhúshaothrú chun críoch tráchtála.

- Rannchuideoidh tú le dul i ngleic le dúshláin a bhaineann le h**ardáin ríomhthráchtála**, go háirithe chun tomhaltóirí a chosaint agus chun a chinntiú go dtabharfar cothrom na Féinne dóibh.

- Cuirfidh tú dlús freisin lenár n-iarrachtaí **beartais sábháilteachta táirgí** a nuachóiriú, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Cinnteoidh tú go leanfaidh

an tAontas de bheith ina **cheannródaí domhanda maidir le caighdeáin a leagan síos** ó thaobh cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí de.

- Forbróidh tú straitéis maidir le húsáid **teicneolaíochtaí digiteacha**, úsáid na hintleachta saorga san áireamh, chun córais cheartais shibhialta agus choiriúil an Aontais a dhéanamh níos éifeachtúla, níos athléimní agus níos sláine.
- Cinnteoidh tú go bhfanfaidh an **Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí** (RGCS) i gcomhréir leis an gclaochlú digiteach agus go bhfreagróidh sé do riachtanais forfheidhmithe dlí agus tráchtála. Oibreoidh tú chun forfheidhmiú iomlán RGCS a chinntiú ar fud na mBallstát agus chun sreafaí iontaofa sonraí le comhpháirtithe idirnáisiúnta a chur chun cinn.
- Neartóidh tú an **Barántas Gabhála Eorpach** chun cur ar a gcumas do na húdaráis bhreithiúnacha oibriú níos dlúithe le chéile agus chun dlús a chur leis an gcomhar idir Europol agus Eurojust.
- Ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar réimsí ina mbeidh níos mó cumhachtaí ag teastáil ó **Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh** chun breathnú ar choireacht thromchúiseach trasteorann, go háirithe éilliú a mbíonn tionchar aige ar chistí an Aontais agus nach féidir leis na Ballstáit é a láimhseáil astu féin. Clúdófar leis sin chomh maith an chaoi ar féidir feabhas a chur ar an gcomhlántacht idir OIPE agus OLAF.

De ghnáth, oibreoidh tú faoi threoir an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas. Tacóidh an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí leat agus tú i mbun oibre.

## An bealach ar aghaidh

Múnlóidh na gníomhartha atá liostaithe sa litir seo do chuid oibre. Mar sin féin, beidh orainn iad a chomhlánú agus iad a oiriúnú de réir mar a théimid ar aghaidh agus táim ag brath ar do chuid smaointe agus saineolais ina leith sin. Chomh maith le cruinnithe an Choláiste agus ár bplé leanúnach, tabharfaidh mé cuireadh duit gach sé mhí teacht chuig cruinniú tuairiscithe struchtúrtha chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar na dúshláin a bhaineann le do mhisean a chur i gcrích.

Ós rud é go mbíonn tosaíochtaí polaitiúla ag athrú, caithfidh an Coimisiún a bheith solúbtha i gcónaí, agus baill foirne a leithdháileadh san áit is mó a bhfuil gá leo. Táim ag iarraidh ort ról coláisteach a ghlacadh chugat féin i leith an mhéid sin, trí oibriú le do sheirbhísí chun éifeachtúlachtaí a shainaithint agus trí rannchuidiú le hiarrachtaí athlonnaithe corparáideacha ar fud an Choimisiúin.

I bhfianaise scála na ndúshlán agus na saincheisteanna iomadúla a bhfuil orainn dul i ngleic leo, ní mór dúinn **dul i mbun oibre láithreach**.

Táim ag tnúth le bheith ag obair i ndlúthchomhar le chéile ar son na hEorpa.

Is mise, le meas,

An Dr Ursula von der Leyen
*Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh*